


# GCSE



Sonraíocht GCSE CCEA

## Staidéar Mótarfheithiclí agus Úsáideoirí Bóithre

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017  
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2019  
Le bronadh den chéad uair Samhradh 2019  
Cód Ábhair: 3070



Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.



## 3 Inneachar Ábhair

Tá trí aonad déanta againn den chúrsa seo. Tá an t-inneachar i ngach aonad agus na torthaí foghlama faoi seach le fáil thíos.

### 3.1 Aonad 1: Teoiric Mhótarfheithiclí agus Úsáideoirí Bóithre

Tá sé roinn san aonad seo:

- Rialú Feithiclí agus Iompraíocht Úsáideoirí Bóithre;
- Ceanglais Dhlíthiúla;
- Iompar ar Bóthar agus a Éifeacht ar an tSochaí;
- Matamaitic na Gluaisteánaíochta;
- Nósanne Imeachta maidir le hImbhualtí; agus
- Teicneolaíocht Mhótarfheithiclí.

#### Rialú Feithiclí agus Iompraíocht Úsáideoirí Bóithre

Sa roinn seo fiosraítear úsáid shábháilte an bhóthair ag tiománaí agus ag coisí agus léirítear go bhfuil meascán de chuid mhór gnéithe i gceist. Ba chóir do mhúinteoirí thart ar 50 faoin chéad den am shainithe teagaisc don aonad a chaitheamh ar an roinn seo.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Córas na Slánródaíochta</b>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint ar na rudaí seo a léiriú: <ul style="list-style-type: none"> <li>– an gá le dlíthe, rialacha agus iompraíocht a bhfuil smacht air;</li> <li>– an ról atá ag an Chóras Slánródaíochta mar leabhar rialacha agus comhairle;</li> <li>– fíoriompraíocht úsáideoirí bóithre, é a chur i gcomparáid leis an rud a mholtar sa chóras;</li> <li>– marcanna bóthair agus stodaí bóthair frithchaiteacha;</li> <li>– comharthaí bóthair (cruth agus dath, le horduithe, rabhaidh agus eolas a thabhairt);</li> <li>– an tábhacht atá le dath na gcomharthaí, na marcanna agus na gcomharthaíochta;</li> <li>– an dóigh le comharthaí cuí a thabhairt agus a úsáid;</li> <li>– comharthaí (comharthaí solais príomha agus tánaisteacha a thugann daoine údaraithe, tiománaithe agus daoine nach iad);</li> <li>– imbhualtí ar bhóithre (na príomhphriacail agus na príomhchúiseanna, agus an dóigh a ndéanann an rialtas, gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí, déantóirí mótarfheithiclí agus daoine aonair priacail a íoslaghdú);</li> <li>– an Scéim um Inniúlacht Rothaíochta; agus</li> <li>– an gá le rialacha ina gclúdaítear gach aicme d’úsáid bóithre agus d’úsáideoirí bóithre.</li> </ul> </li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Tiomáint agus rothaíocht le linn drochaimsire</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint ar na rudaí seo a léiriú: <ul style="list-style-type: none"> <li>– éadaí cosanta agus an gá le bheith feiceálach; agus</li> <li>– airíonna sainiúla ábhair fhrithchaiteacha agus ábhair fhluariseacha;</li> </ul> </li> <li>• eolas agus tuiscint ar na rudaí seo a léiriú: <ul style="list-style-type: none"> <li>– ábhair a bhfuil meascán de cháilíochtaí acu;</li> <li>– áiseanna cosanta a mholtar do gach catagóir d’úsáideoirí bóithre;</li> <li>– fadhbanna a bhaineann le fearthainn throm do choisithe agus d’úsáideoirí feithiclí (éadaí fliucha, cochaill, scáthanna fearthainne, bóithre agus cosáin shleamhna agus fuinneoga a bhfuil ceo orthu);</li> <li>– an gá le faid choscánaithe níos faide agus le coscáin a thriomú; agus</li> <li>– úsáid ceannsoilse;</li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Scinneadh ar uisce</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad an dóigh le scinneadh ar uisce a sheachaint agus ar na priacail a bhaineann le: <ul style="list-style-type: none"> <li>– fearthainn throm;</li> <li>– fuarlach;</li> <li>– boinn chaite; agus</li> <li>– róluas;</li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Tiomáint san oíche</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go bhfuil eolas acu ar na rudaí seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>– uaireanta soilsithe;</li> <li>– seiceáil na soilse go léir, soilse tosaigh agus soilse cúil;</li> <li>– an gá leis an phríomhléas agus léas mhaolaithe a fhócasú agus a ailíniú;</li> <li>– an nós imeachta nuair atáthar ag leanúint feithiclí eile i ndiaidh thitim na hoíche nó nuair atá siad ag teacht i d’aghaidh;</li> <li>– splancadh ceannsoilse; agus</li> <li>– páirceáil san oíche; agus</li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Ceo</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad na rudaí seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>– éifeacht ceo ar an radharc agus ar an éisteacht;</li> <li>– ceo ina mhórchúis le himbhualtí ar mhótarbhealaí;</li> <li>– athruithe ar dhlús ceo;</li> <li>– réamhchúraimí a mholtar; agus</li> <li>– úsáid cheart na lampaí ceo tosaigh agus cúil.</li> </ul> </li> </ul>

<b>Inneachar</b>	<b>Torthaí Foghlama</b>
<b>Sneachta</b>	
<b>Oighear</b>	
<b>Gaotha láidre</b>	
<b>Grian íseal</b>	
<b>Cumas fisiceach agus meabhrach an tiománaí</b>	

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Aois</b>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go bhfuil eolas acu ar na rudaí seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>– an éifeacht atá ag dul in aois ar an tiomáint;</li> <li>– éifeacht dul in aois ar na céadfaí; agus</li> <li>– freagairtí níos fadálaí;</li> </ul> </li> <li>• tuiscint agus bá a léiriú le húsáideoirí bóithre atá níos sine, le coisithe óga agus le rothaithe;</li> </ul>
<b>Míchumas</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad na rudaí seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>– an gá le tuiscint ar leith maidir le tiománaithe agus coisithe faoi míchumas, daoine le madraí treoracha nó i gcathaoireacha rotha agus leis an ghá le hathruithe ar fheithiclí; agus</li> <li>– an iliomad cineál míchumais, cuid acu ar chóir níos mó tuisceana a bheith ag daltaí orthu ná cineálacha eile;</li> </ul> </li> </ul>
<b>Tuirse</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad tuirse agus gnéithe a bhaineann léi: <ul style="list-style-type: none"> <li>– turais fhada sa lá agus san oíche;</li> <li>– a leadránaí atá tiomáint ar an mhótarbhealach;</li> <li>– pleanáil bealaigh, stadanna rialta agus sólaistí; agus</li> <li>– aeráil mhaith; agus</li> </ul> </li> </ul>
<b>Staid mhothúcháinach</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad éifeacht na staideanna mothúcháin a leanas, a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le tasmí: <ul style="list-style-type: none"> <li>– frustrachas;</li> <li>– fearg;</li> <li>– ionsaitheacht; agus</li> <li>– suaitheadh mothúcháin.</li> </ul> </li> </ul>





Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Modhanna le himbhualtí ar bhóithre a laghdú</b>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• luacháil a dhéanamh ar éifeacht na rudaí seo:<ul style="list-style-type: none"><li>– ar na hiarrachtaí éagsúla atáthar a dhéanamh le himbhualtí ar bóithre a laghdú (oideachas, oiliúint agus poiblíocht);</li><li>– tabhairt isteach agus forfheidhmiú dlíthe ábhartha;</li><li>– iarrachtaí a bhaineann le hinnealtóireacht (dearadh bóithre níos sábháilte); agus</li><li>– tabhairt isteach gnéithe sábháilteachta i bhfeithiclí (sábháilteacht phríomha agus sábháilteacht thánaisteach).</li></ul></li></ul>

## Ceanglais Dhlíthiúla

Sa roinn seo clúdaítear na ceanglais thábhachtacha dhlíthiúla a bhaineann le tiomáint agus le húinéireacht feithicle.

Ba chóir do mhúinteoirí thart ar 10 faoin chéad den am shainithe teagaisc don aonad a chaitheamh ar an roinn seo.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Mótarárachas</b>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint ar na rudaí seo a léiriú: <ul style="list-style-type: none"> <li>– an gá le hárachas agus an ceanglas dlíthiúil ar úsáideoir bóithre mótarárachas a bheith aige;</li> <li>– an dóigh le carr a chur faoi árachas;</li> <li>– na bunphrionsabail oibre a úsáideann comhlachtaí árachais lena n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh; agus</li> <li>– na cineálacha éagsúla cumhdach árachais atá ar fáil (tríú páirtí; tríú páirtí, dóiteán agus gadaíocht; agus cuimsitheach);</li> </ul> </li> <li>• na tosca seo a leanas a théann i bhfeidhm ar chostas árachais a anailísiú agus a luacháil: <ul style="list-style-type: none"> <li>– déanamh na feithicle;</li> <li>– feidhmiú;</li> <li>– toilleadh innill;</li> <li>– slándáil feithicle;</li> <li>– aois na feithicle;</li> <li>– aois agus/nó taithí an tiománaí;</li> <li>– taifead tiomána;</li> <li>– ceantar cónaithe;</li> <li>– cineál úsáide; agus</li> <li>– cineál cumhdaigh; agus</li> </ul> </li> <li>• a léiriú go dtuigeann siad cad é ba chóir d’árachaí a dhéanamh i ndiaidh imbhuailte.</li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Téarmaíocht a úsáideann comhlachtaí árachais</b></p> <p><b>Cáipéisíocht</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad na téarmaí seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>– bróicéir;</li> <li>– gníomhaire;</li> <li>– togróir;</li> <li>– foirm thogra;</li> <li>– meon lánmhaith;</li> <li>– riosca diúltaithe;</li> <li>– polasaí;</li> <li>– préimh;</li> <li>– deimhniú;</li> <li>– nóta cumhdaigh;</li> <li>– sealbhóir polasaí;</li> <li>– barrachas;</li> <li>– slánaíocht;</li> <li>– dliteanas pearsanta;</li> <li>– fógra athnuachana;</li> <li>– lascaine cheal éilimh; agus</li> <li>– bónas cosanta; agus</li> </ul> </li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar an cháipéisíocht agus na ceanglais seo a leanas a bhaineann le tiomáint agus úinéireacht feithicle: <ul style="list-style-type: none"> <li>– ceadúnas sealadach tiomána;</li> <li>– riachtanais aoise íosta faoi choinne cineálacha éagsúla feithicle;</li> <li>– an scrúdú tiomána;</li> <li>– láncheadúnas a fháil;</li> <li>– R-phlátaí (srianta);</li> <li>– dleacht mháil ar fheithiclí (VED);</li> <li>– Deimhniú Clárúcháin Feithicle/V5C (TÉ) (leabhar cánach);</li> <li>– Fógra Easbhóthair Reachtúil (SORN);</li> <li>– deimhniú árachais;</li> <li>– polasaí árachais;</li> <li>– nóta cumhdaigh árachais;</li> <li>– Deimhniú Tástáil Feithicle (MOT);</li> <li>– ceadúnais tiomána faoi choinne feithiclí iompartha paisinéirí (PCV) agus mórfheithiclí earraí (LGV); agus</li> <li>– díolúintí ó chriosanna sábhála (nuair atá siad riachtanach agus an dóigh a bhfaightear iad).</li> </ul> </li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>An fheithicil</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint ar na rudaí seo a léiriú: <ul style="list-style-type: none"> <li>– boinn (ceanglais dhlíthiúla agus méideanna boinn);</li> <li>– criosanna sábhála (cineálacha criosanna sábhála, caitheamh éigeantach, díolúintí agus criosanna sábhála sa tsuíochán cúil);</li> <li>– srian sábháilteachta páiste;</li> <li>– úmacha;</li> <li>– ancaireachtaí; agus</li> <li>– málaí aeir;</li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Clogaid</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar chlogaid maidir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>– stíleanna (stíl scairde/aghaidh oscailte agus lánaghaidh);</li> <li>– riachtanais an British Standards Institution (BSI); agus</li> <li>– ábhair a úsáidtear i ndéanamh clogad; agus</li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Eile</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar an ghá go mbeidh na rudaí seo a leanas éifeachtúil: <ul style="list-style-type: none"> <li>– cuimilteoirí;</li> <li>– niteoirí;</li> <li>– bonnán;</li> <li>– soilsíú;</li> <li>– stiúradh; agus</li> <li>– coscáin.</li> </ul> </li> </ul>

## **Iompar ar Bóthar agus a Éifeacht ar an tSochaí**

Sa roinn seo déantar iniúchadh ar an chúlra atá le córais nua-aimseartha trácht ar bhóithre agus dlí tráchta. Ba chóir do mhúinteoirí thart ar chúig faoin chéad den am shainithe teagaisc don aonad a chaitheamh ar an roinn seo.

<b>Inneachar</b>	<b>Torthaí Foghlama</b>
<p><b>Forbairt chóras na mbóithre nua-aimseartha agus bainistiú tráchta</b></p> <p><b>Forbairt an innill dócháin inmheánaigh</b></p> <p><b>Forbairt mótar-iompair: ó charráistí gan chapall go feithiclí hibrídeacha</b></p> <p><b>Dlíthe tiomána (Féach Aguisín 2 le tuilleadh sonraí a fháil)</b></p>	

- an tOrdú um Trácht ar Bhóithre (Tuaisceart Éireann) 1981 (*the Road Traffic (Northern Ireland) Order 1981*);
- an tOrdú um Trácht ar Bhóithre (Criosanna Sábhála) (Tuaisceart Éireann) 1982 (*the Road Traffic (Seat Belts) (Northern Ireland) Order 1982*);
- an tOrdú um Trácht ar Bhóithre (Tuaisceart Éireann) 1991 (*the Road Traffic (Amendment) (Northern Ireland) Order 1991*);
- an tOrdú um Ciontóirí Tráchta Bóthair (Tuaisceart Éireann) 1996 (*the Road Traffic Offenders (Northern Ireland) Order 1996*);
- an tOrdú um Trácht ar Bhóithre (Tuaisceart Éireann) 2007 (*the Road Traffic (Northern Ireland) Order 2007*); agus
- athruithe ar dhlíthe tiomána ó 2014.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Éifeacht shóisialta agus comhshaoil an truailithe</p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad go bhfuil contúirtí ann nuair nach mbíonn cosaint ó na rudaí a leanas:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– aonocsaíd charbóin;</li> <li>– ocsaídí de nítrigin;</li> <li>– dé-ocsaíd sulfair;</li> <li>– luaidhe;</li> <li>– dé-ocsaíd charbóin;</li> <li>– hidreacarbóin; agus</li> <li>– carnadh gás san atmaisféar;</li> </ul> </li> <li>• a léiriú go dtuigeann siad éifeacht truailiú ó thorann ar dhaoine aonair agus ar phobail, lena n-áirítear:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– dochar don éisteacht; agus</li> <li>– cur isteach ar dhaoine atá ina gcónaí cóngarach do bhóithre gnóthacha;</li> </ul> </li> <li>• anailís agus luacháil a dhéanamh ar a éifeachtaí atá iarrachtaí le truailiú mótarfheithiclí a laghdú trí na rudaí seo:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– an reachtaíocht agus modhanna eile;</li> <li>– breosla gan luaidhe; agus</li> <li>– teicneolaíocht níos fearr (lena n-áirítear teicneolaíocht stop/dúiseacht agus carranna hibrídeacha agus carranna leictreacha);</li> </ul> </li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na coimhlintí idir pleanáil bóithre agus úsáid talaimh;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar éifeacht an mhótarthionscail ar chórais mhalartacha iompair;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar an fháth nach bhfuil peitreal ceithre réalt ar fáil i stáisiúin peitрил;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar an fháth a bhfuil fuaiminsliú iontach tábhachtach; agus</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar an fháth a bhfuil cosaint na timpeallachta tábhachtach.</li> </ul>



## Matamaitic na Gluaisteánaíochta

Sa roinn seo déantar iniúchadh ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le húinéireacht agus tiomáint mótarfheithicle. Is féidir ríomhanna simplí a chur ar gach ceann de na fo-ranna sa tábla a leanas. Ba chóir do mhúinteoirí thart ar 10 faoin chéad den am shainithe teagaisc don aonad a chaitheamh ar an roinn seo.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Feithicil a cheannach</b>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad na dóigheanna éagsúla le feithicil a cheannach agus na buntáistí agus na míbhuntáistí atá le gach modh a luacháil, maidir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>– barántaí;</li> <li>– díol simplí;</li> <li>– trádáil isteach;</li> <li>– nua nó athláimhe;</li> <li>– ceannach ó gharáiste nó go príobháideach;</li> <li>– na buntáistí agus na míbhuntáistí atá le hairgead tirim;</li> <li>– úsáid saoráidí creidmheasa;</li> <li>– iasachtaí bainc;</li> <li>– aisíocaíochtaí míosúla;</li> <li>– ráta céatadánach bliantúil (APR);</li> <li>– cuideachtaí airgeadais; agus</li> <li>– léasú;</li> </ul> </li> </ul>
<b>Costais sheasta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad costais sheasta éagsúla tiomána agus na costais chomparáideacha atá le modhanna éagsúla iompair a luacháil, maidir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>– ceadúnas tiomána;</li> <li>– cáin bhóthair;</li> <li>– árachas;</li> <li>– dímheas; agus</li> <li>– tástáil feithicle (tástáil MOT); agus</li> </ul> </li> </ul>
<b>Costais choinneála</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad go bhfuil costais reatha éagsúla tiomána agus na costais chomparáideacha atá le modhanna éagsúla iompair a luacháil, maidir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>– modhanna íocaíochta (cuntais mhíosúla agus cártaí creidmheasa);</li> <li>– mealltaí;</li> <li>– ceannach ola agus peitрил;</li> <li>– seirbhísiú agus deisiú;</li> <li>– garáiste seachas DFÉ; agus</li> <li>– athsholáirtí (boinn, coscáin, lanna cuimilteora, bolgáin agus sceithphíopaí).</li> </ul> </li> </ul>



## Nósanna Imeachta maidir le himbhualtí

Sa roinn seo pléitear na nósanna imeachta a mholtar i gcás ina dtarlaíonn imbhualladh tráchta ar bhóithre. Ba chóir do mhúinteoirí thart ar chúig faoin chéad den am shainithe teagaisc don aonad a chaitheamh ar an roinn seo.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Réamhchúraimí</b></p> <p><b>Bainteach le himbhualadh tráchta ar bhóithre</b></p> <p><b>Nós imeachta i ndiaidh imbhualte</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad an gá le trealamh breise i bhfeithicil:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– fearas garchabhrach;</li> <li>– múchtóir dóiteáin;</li> <li>– tóirse;</li> <li>– seaicéad frithchaiteach nó fluaraiseach; agus</li> <li>– triantán guaise;</li> </ul> </li> <li>• a léiriú go bhfuil tuiscint acu do fhreagrachtaí dlíthiúla tiománaí má tá baint aige le himbhualadh trácht bóthair agus don fhaisnéis a chaithfidh finn é a thabhairt agus é ag tabhairt tuairisce ar thaisme;</li> <li>• a léiriú go dtuigeann siad gur gá bearta a dhéanamh in ord ar leith:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– láthair na taisme a chosaint;</li> <li>– scairt a chur ar sheirbhísí éigeandála; agus</li> <li>– a chinntiú go bhfuil na feithiclí sábháilte; agus</li> </ul> </li> <li>• a léiriú go dtuigeann siad prionsabail na garchabhrach agus an dóigh le gortuithe a chóireáil, lena n-áirítear:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– ord tosaíochta – análú, fuiliú agus aithne (<i>BBC</i>);</li> <li>– créachtaí (gearrtha, stollta, pollta nó brúite);</li> <li>– suaitheadh agus a airíonna;</li> <li>– neamhaireachtáil;</li> <li>– luí téarnaimh a úsáid; agus</li> <li>– athbheochan chardascamhógach (<i>ACS</i>) (<i>CPR</i>).</li> </ul> </li> </ul>

## Teicneolaíocht Mhótarfheithiclí

Sa roinn seo déantar iniúchadh ar fhreagracht tiománaí as cothabháil agus cúram feithicle. Faigheann daltaí buneolas ar chórais feithicle agus ar réamhchúraimí sábháilteachta. Foghlaimíonn siad an dóigh le comhphárteanna córais feithiclí a aithint agus tá tuiscint agus eolas acu ar na seiceálacha agus na réamhchúraimí sábháilteachta atá de dhíth orthu maidir le húsáid shábháilte bóthair. Ba chóir do mhúinteoirí thart ar 20 faoin chéad den am shainithe teagaisc don aonad a chaitheamh ar an roinn seo.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Comhphárteanna príomha gluaisteán agus gluaisrothar</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na comhphárteanna seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>– fonnadh/fráma;</li> <li>– sceall cabhlach;</li> <li>– aonaid chumhachta;</li> <li>– tras-seoladh;</li> <li>– crochadh;</li> <li>– stiúradh;</li> <li>– coscáin agus trealamh leictreach; agus</li> <li>– córas bainistithe innill;</li> </ul> </li> <li>• a léiriú go dtuigeann siad na prionsabail feidhmithe atá ag inneall dócháin inmheánaigh frithingeach: <ul style="list-style-type: none"> <li>– gluaisne líneach a thiontú ina gluaisne rothlach;</li> <li>– an ciogal ceithre bhuille spréach-adhainte (SI) ;</li> <li>– an ciogal dhá bhuille SI; agus</li> <li>– an ciogal ceithre bhuille adhainte comhbhrú (díosal); agus</li> </ul> </li> </ul>
<p><b>Aonaid chumhachta</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na comhphárteanna príomha atá ag bunús na n-inneall frithingeach agus an fheidhm atá leo: <ul style="list-style-type: none"> <li>– loine;</li> <li>– fáinní loine;</li> <li>– pionna loine/pionna gustúin;</li> <li>– slat cheangail;</li> <li>– pionna cromáin;</li> <li>– cromán agus cromfhearsaid;</li> <li>– ceamfhearsaid;</li> <li>– roth lústair;</li> <li>– ceann sorcóra;</li> <li>– comhla ionraoin agus comhla sceite;</li> <li>– spriongaí comhla;</li> <li>– sorcóir; agus</li> <li>– ceap sorcóra.</li> </ul> </li> </ul>











Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Boinn</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú go dtuigeann siad bunseiceálacha cothabhála agus réamhchúraimí sábháilteacha maidir leis na rudaí seo:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– boinn faoi choinne comharthaí go bhfuil caitheamh mínormalach ann;</li> <li>– rotha agus boinn faoi choinne lorg damáiste;</li> <li>– maolairí faoi choinne éifeachtúlachta trí thástáil preibe;</li> <li>– teinne rothchnónna;</li> <li>– brú sna boinn de réir mholtaí an déantóra;</li> <li>– cothromaíocht agus ailíniú rothaí; agus</li> <li>– modhanna le caitheamh na mbonn a laghdú.</li> </ul> </li> </ul>

### 3.2 Aonad 2: Staidéar Imscrúdaitheach

San aonad seo tugtar seans do na daltaí taighde a dhéanamh agus tuairisc a scríobh ar chás ina bhfuil an trácht ag bogadh, roghnaithe ó na réimsí staidéir a chuireann muid ar fáil. Tá cead acu obair a dhéanamh i ngrúpaí agus iad ag déanamh a dtaighde. Agus iad ag scríobh amach a dtuairiscí, caithfidh siad obair a dhéanamh ina n-aonar.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>a) Sonraigh an aidhm</p> <p>b) Sonraigh modhanna fiosraithe</p> <p>c) Cuir torthaí in iúl</p> <p>d) Léirmhíneigh torthaí</p>	

### 3.3 Aonad 3: Gníomhaíocht Phraiticiúil Rothaíochta

San aonad seo tugtar deis do dhaltaí móipéid a úsáid (faoi 50 cc) le scileanna praiticiúla i smacht feithicle agus scileanna bóthair a léiriú. Is é an lárionad atá freagrach as an mhóipéid a sholáthar.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>An tseiceáil laethúil</b>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar na seiceálacha laethúla a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>– breosla;</li> <li>– coscáin (gníomhú na luamhán coscán agus na gcáblaí maidir le caitheamh agus cuimilt);</li> <li>– boinn (brú agus riocht na mbonn tosaigh agus cúil);</li> <li>– soilse agus bonnáin;</li> <li>– stiúradh; agus</li> <li>– crochadh;</li> </ul> </li> </ul>
<b>An t-inneall a dhúiseacht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú ar na dóigheanna seo go dtuigeann siad: <ul style="list-style-type: none"> <li>– suí ar an dóigh cheart (an gluaisrothaí agus an t-inneall);</li> <li>– an dá lámh a chur ar na hanlaí;</li> <li>– an coscán cuí a úsáid;</li> <li>– an t-inneall a chur ar obair;</li> <li>– an scóig a dhruidim; agus</li> <li>– an coscán cúil a chur ar siúl; agus</li> </ul> </li> </ul>
<b>Bogadh ar shiúl ón cholbha</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• a léiriú ar na dóigheanna seo go dtuigeann siad: <ul style="list-style-type: none"> <li>– seiceáil go bhfuil an seastán ar shiúl ón talamh agus iad ina suí ar an inneall agus an chos chlé ar an talamh;</li> <li>– amharc siar;</li> <li>– comhartha a dhéanamh (leis an sciathán dheas); agus</li> <li>– radharc sábháil bheatha a thabhairt thar an ghualainn dheas.</li> </ul> </li> </ul>

<b>Inneachar</b>	<b>Torthaí Foghlama</b>
<b>Casadh ar dheis ag comhartha stop</b>	
<b>Casadh leanúnach ar chlé</b>	
<b>Dul thart le feithicil atá ina stad</b>	
<b>Stopadh agus tuirlingt</b>	

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Scileanna</b></p> <p><b>Figiúr a hocht</b></p> <p><b>Coscánú faoi smacht</b></p> <p><b>Sábháilteacht</b></p>	<p>Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• ionramháil a dhéanamh thart ar chóin;</li> <li>• ionramháil fhiigiúr a hocht a dhéanamh le smacht agus muinín;</li> <li>• coscánú go sábháilte nuair atá siad ag taisteal ag thart ar 15 msu, taobh istigh de chúig mhéadar d'fhad coscánaithe gan na rotha a bheith á nglasáil ná an meaisín bogadh ó chúrsa díreach; agus</li> <li>• a léiriú go bhfuil eolas acu ar riachtanais sábháilteachta agus go bhfuil siad ábalta an meaisín a choinneáil faoi smacht.</li> </ul>



INVESTORS  
IN PEOPLE

